AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA
AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL

Creat-Phlean Earnála faoin mBille um Míchumas 2004

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 - 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 - 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

———————

(Prn. 3428) €3.00

Meán Fómhair 2004

Clár Ábhair

Leathanach

Réamhrá ón Aire … … … … … … … … … … 5

Sprioc Ardleibhéil … … … … … … … … … … 7

Príomh-Chuspóirí … … … … … … … … … … 8

Caibidil 1 — Forléargas … … … … … … … … … 9

Caibidil 2 — An Cód Foirgníochta … … … … … … … 11

Caibidil 3 — Láithreáin Oidhreachta … … … … … … 15

Caibidil 4 — Pleananna Údaráis Áitiúil … … … … … … 18

Caibidil 5 — Monatóireacht agus Athbhreithniú … … … … 30

Réamhrá ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá áthas orm An Creat-Phlean Earnála Rialtais Áitiúil a fhoilsiú i gcomhthráth le foilsiú an Bhille um Míchumas 2004.

Leagann an Chreat-Phlean Earnála amach cuspóirí agus treoirlínte náisiúnta i dtaobh rochtain ar sheirbhísí agus áiseanna tógtha na n-údarás áitiúil, chomh maith le láithreáin oidhreachta atá faoi bhainistíocht mo Roinne. Beidh ar gach údarás áitiúil plean i dtaca le cur chun feidhme a tharraingt suas laistigh de thréimhse naoi mí ó cheadú reachtúil an Phlean seo ar bhonn mioniúchadh rochtana ar fhoirgnimh phoiblí, páirceanna, taitneamhachtaí, spásanna oscailte etc. uile na n-údarás áitiúil. Is é atá faoin bplean i dtaca le cur chun feidhme a dhéanamh clár gníomhaíochtaí a leagan amach chun éifeacht a thabhairt do na gealltanais agus na cuspóirí atá san Acht agus sa Phlean Earnála.

Féachfaidh mo Roinn freisin, i gcomhpháirt, de réir mar is cuí, le hOifig na nOibreacha Poiblí, a bhfuil freagracht oibríochta uirthi i leith bhunáite na láithreán oidhreachta tógtha, lena chinntiú go mbeidh rochtain, a mhéid is indéanta, ag daoine faoi mhíchumas ar láithreáin agus taitneamhachtaí oidhreachta atá faoi chúram an Stáit. Maidir le láithreáin agus taitneamhachtaí oidhreachta a bhíonn á n-oibriú ag údaráis áitiúla, cuirfear rochtain ar fáil orthu siúd chomh maith an oiread is féidir, ar mhodh lena n-éascófar iad do dhaoine faoi mhíchumas.

Rachaidh na húdaráis áitiúla, le linn dóibh a bpleananna um chur chun feidhme a tharraingt suas, i gcomhairle le h-eagraíochtaí ionadaíocha áitiúla atá san earnáil mhíchumais.

D'impeoinn go láidir ar na húdaráis áitiúla tacaíocht a thabhairt don tosaíocht seo i dtaca leis an oiread dul chun cinn is féidir a dhéanamh chun fónamh do riachtanais daoine faoi mhíchumas sna blianta atá romhainn.

Máirtín Ó Cuilinn, T.D.,
Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Meán Fómhair, 2004

Sprioc-Ardleibhéil

Deiseanna comhionannais a chur chun cinn agus a spreagadh go forghníomhach do dhaoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an Phobail.

Cuspóirí an Phlean Earnála

Is iad príomh-spriocanna an Phlean Earnála—

1. Rochtain uilíoch a chur chun cinn ar spásanna poiblí, foirgnimh agus seirbhísí atá faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus a bhíonn á n-oibriú acu.
2. Rochtain uilíoch ar láithreáin oidhreachta a chur chun cinn.
3. A chinntiú go mbíonn rochtain ar fhaisnéis faoi sheirbhísí údaráis áitiúil ag daoine faoi mhíchumas.
4. Caighdeáin atá leagtha amach i gCuid M (Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas) de na Rialacháin náisiúnta Foirgníochta a athbhreithniú agus a uasdátú.
5. Rochtain soghluaisteacht daoine faoi mhíchumas ar gach oifig údaráis phoiblí agus ar thaitneamhachtaí áitiúla a fheabhsú.
6. Rannpháirtíocht sa chinnteoireacht ag daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a áirithiú.
7. Ardleibhéal feasachta a áirithiú i measc lucht foirne uile i dtaca le riachtanais daoine faoi mhíchumas.
8. Rochtain ar thithe atá cuí a chur chun cinn agus a éascú do dhaoine faoi mhíchumas.
9. Comhordú a spreagadh idir soláthróirí seirbhísí sa limistéar trí na Boird Fhorbartha Contae agus Cathrach.

1 Forléargas

1.1 Bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla thar a bheith forghníomhach le roinnt blianta anuas maidir le ceisteanna míchumais agus tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse seo.

1.2 Tá ról lárnach ag Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta (a rinneadh faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990) i saol daoine faoi mhíchumas. Ceanglaíonn sé ''soláthar oiriúnach a chur ar fáil chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas ábalta teacht ar agus úsáid foirgneamh go sábháilte agus go neamhspleách''. Ar dtús, níor bhain Cuid M ach le foirgnimh neamhthís. Sa bhliain 2000 áfach, leasaíodh na rialacháin fhoirgníochta lena cheangal go mbeadh teaghaisí nua dar tosach an 1 Eanáir 2001 nó ina dhiaidh sin sa riocht is go mbeadh daoine faoi mhíchumas in ann cuairt a thabhairt orthu.

1.3 Cuireann na húdaráis áitiúla iliomad seirbhísí ar fáil mar a mbíonn míchumas i gceist. Is iad na príomhseirbhísí ná tithe, áiseanna poiblí ar nós leabharlanna, páirceanna agus spásanna oscailte, bóithre agus cosáin agus rochtain ar chlárú agus ar vótáil.

1.4 Tá an Roinn agus na húdaráis áitiúla tiomanta do pholasaí comhionannais deiseanna a chur i bhfeidhm do dhaoine faoi mhíchumas, agus tá roinnt beart dearfach glactha acu le roinnt blianta anuas chun a gcáilíocht saoil a fheabhsú. Ar na bearta sin tá:

- nuachóiriú foirgneamh agus rochtain ar oifigí poiblí agus foirgnimh phoiblí eile ar nós leabharlanna agus amharclanna a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas;
- Rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar fhaisnéis a tháirgeann na húdaráis áitiúla;
- Athbhreithniú agus uasdátú ar chaighdeáin atá leagtha amach i gCuid M (Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas) de na Rialacháin náisiúnta Foirgníochta;

- Cód Cleachtais maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm sa tSeirbhís Údaráis Áitiúil;
- Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais ainmnithe agus Oifigeach Rochtana a cheapadh i ngach údarás áitiúil. Déileálann an tOifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais le fadhbanna/gearáin ó chomhaltaí foirne, agus bíonn an tOifigeach Rochtana ag déileáil le fadhbanna/gearáin ó dhaoine den phobal; agus
- Oifigeach Comhionannais ainmnithe a cheapadh agus Foireann Ghníomhaíochta Chomhionannais a bhunú i ngach údarás áitiúil chun déileáil le ceisteanna comhionannais (chomh maith le ceisteanna a bhaineann le míchumas). Tagann gréasan údaráis áitiúil d'Oifigigh Chomhionannais le chéile go rialta faoin mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus cuireann sé fóram ar fáil chun ceisteanna agus deacrachtaí comónta (lena n-áirítear ceisteanna maidir le míchumas) agus deacrachtaí maidir le polasaithe/reachtaíocht iomchuí atá i bhfeidhm nó atá le teacht i bhfeidhm a phlé.

1.5 Ainneoin na n-iliomad beart dearfa atá glactha ag an Roinn agus ag na húdaráis áitiúla, tá go leor le déanamh fós sa réimse seo. Ba chóir gur chuidiú an Plean Earnála seo chun struchtúr níos comhtháite a shuíomh, lena gcumasófar do na húdaráis áitiúla seirbhís níos fearr a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

1.6 Tabharfaidh an t-iniúchadh rochtana dá bhforáiltear leis an bPlean Earnála seo deis do na húdaráis áitiúla, i ndáil chomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, a aithint cé gníomh is gá a dhéanamh chun tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí a dhéanann difear do dhaoine faoi mhíchumas.

1.7 Déileálann an doiciméad seo leis na nithe seo a leanas:

- An Cód Foirgníochta, a mhéid a bhaineann sé le daoine faoi mhíchumas (Caibidil 2)
- Rochtain ar Láithreáin Oidhreachta (Caibidil 3)
- Pleananna na n-Údarás Áitiúil (Caibidil 4)
- Monatóireacht agus Athbhreithniú (Caibidil 5)

2 An Cód Foirgníochta

An Cód Foirgníochta

2.1 Le hAlt 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990 a chumasaítear don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin Fhoirgníochta a dhéanamh, lena n-áirítear foráil do rochtain ar fhoirgnimh do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne an tAire rialacháin fhoirgníochta i 1991 (I.R. 306 de 1991) atá i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 1992. Rinneadh athbhreithniú agus athnuachan ar Rialacháin 1991 i 1997. Níl feidhm go ginearálta ag an gcód foirgníochta maidir le foirgnimh a tógadh roimh 1 Meitheamh 1992.

2.2 Faoi Chuid M don Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Fhoirgníochta — Rochtain i gcomhair Daoine faoi Mhíchumas. Déanfar soláthar leordhóthanach chun a chumasú do dhaoine faoi mhíchumas rochtain shábháilte neamhspleách a bheith acu ar fhoirgneamh agus é a úsáid. Tá treoir maidir leis an gceanglas sin a chomhlíonadh i dTreoir-Dhoiciméad Teicniúil M (TDT M), a foilsíodh faoi Airteagal 7 de Rialacháin Foirgníochta 1997 (I.R. 497 de 1997).

Athbhreithniú agus Leasú ar Chuid M (1999/2000)

2.3 Tar éis próisis comhchomhairliúcháin phoiblí, leasaíodh Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta i Meitheamh 2000 (I.R. 179 de 2000) agus tháinig sé in éifeacht an 1 Eanáir 2001. Tháinig Treoir-Dhoiciméad Teicniúil M athbhreithnithe (eagrán 2000) in éifeacht ar an dáta céanna.

2.4 Faoi Rialacháin leasaithe Chuid M (2000):

(a) Ní mór teaghaisí a dtosaítear orthu an 1 Eanáir 2001 nó dá éis (lena n-áirítar faduithe) a bheith sa riocht is go dtig le daoine faoi mhíchumas cuairt a thabhairt orthu. Mar idirbheart, bhí teaghaisí a raibh iarratas déanta ar chead pleanála ina leith an 31 Nollaig 2000 nó roimhe díolmhaithe ó na ceanglais nua — ar an gcoinníoll gur críochnaíodh oibreacha substaintiúla ar an 31 Nollaig 2003 nó roimhe;

(b) Tá míniú reachtúil níos déine ar rochtain do mhíchumasaigh ar fhoirgnimh neamhchónaithe agus ar áiteanna fostaíochta agus fóillíochta (óstáin, bialanna, pictiúrlanna etc.): ní mór don rochtain sin a bheith ‘‘leordhóthanach’’ agus gan a bheith ‘‘réasúnach’’ agus sin amháin.

2.5 Léirítear le Treoir-Dhoiciméad M (eagrán 2000) conas Rialacháin Chuid M (arna leasú) a chomhlíonadh, agus folaíonn na gnéithe atá leagtha amach na nithe seo a leanas:

- Bealaí isteach leibhéalta nó caoinfhána ar theaghaisí
- Rochtain leibhéalta ag doirse iontrála
- Doirse agus dorchlaí níos leithne chun cathaoir rothaí a thógáil
- Áiseanna leithris ar urlár na talún i gcomhair úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus daoine eile faoi mhíchumas.

2.6 Faoi láthair is amhlaidh a shainmhínítear ‘‘daoine faoi mhíchumas’’ faoi na Rialacháin Fhoirgníochta mar dhaoine a bhfuil máchail éisteachta nó radhairc orthu a chuireann bac ar ábaltacht an duine siúl nó a bhacann an duine i gcaoi is go gcaithfidh sé nó sí cathaoir rothaí a úsáid. Athbhreithneofar an sainmhíniú sin agus, más gá, leasófar é i bhfianaise aon sainmhíniú ar ‘‘mhíchumas’’ sa Bhille um Míchumas nuair a achtófar é.

2.7 Ceanglaítear le Cuid M go gcaithfear soláthar a dhéanamh i saghsanna áirithe foirgnimh, mar shampla amharclanna, pictiúrlanna, ceolárais, seomraí cruinnithe agus comhdhálacha agus áiteanna d’adhradh reiligiúnach i gcomhair cúnaimh cumarsáide do dhaoine faoi mháchail éisteachta.

An Cleachtas is Fearr

2.8 Léiríonn TDT M conas gur féidir dearthóirí, tógálaithe agus cliaint atá ag coimisiúnú tionscadail fhoirgníochta cloí leis na riachtanais reachtúla do Chuid M dos na Rialacháin Fhoirgníochta.

2.9 Corpraíonn TDT M chomh maith Tagairtí ina luaitear caighdeáin iomchuí Éireannacha (IS) agus Bhriotanacha (BS), agus foilseacháin maidir le dea-chleachtas i dtaca le dearadh i gcomhair daoine faoi mhíchumas ar nós, ‘‘Buildings for Everyone — Access and Use for All the Citizens’’ (Án tÚdarás

Náisiúnta do Mhíchumas — UNM) agus ‘‘Access to the Historical Environment — Meeting the Needs of Disabled People‘‘ (Lisa Foster, RA).

2.10 Coinneofar TDT M faoi athbhreithniú agus leasófar é, de réir mar is gá, chun riachtanais reachtúla an Bhille um Míchumas a chur san áireamh, ar é a bheith achtaithe, chomh maith le haon treoirlínte dea-chleachtais a bheidh táirgthe ag an UNM agus an Lárionad atá beartaithe don Tofacht sa Dearadh Uilíoch. Tionscnófar an chéad athbhreithniú faoi dheireadh 2005.

An Bille um Rialú Foirgníochta atá Beartaithe 2005

2.11 Tá Scéim Ghinearálta do Bhille nua um Rialú Foirgníochta ceadaithe ag an Rialtas, atá á dhréachtú ag an gComhairle Pharlaiminteach. Neartóidh an Bille seo cumhachtaí forfheidhmiúcháin na nÚdarás Rialaithe Foirgníochta, agus simpleoidh sé an próiseas chun imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh d’fhonn na Rialacháin Fhoirgníochta a chur i bhfeidhm, Cuid M san áireamh.

2.12 Forálfar sa Bhille freisin do Dheimhniú Rochtana Míchumais a thabhairt isteach, chun a dhaingniú go gcomhlíonfaidh dearadh foirgnimh tráchtála nua atá beartaithe nó bloic árasán le Cuid M. Is leis sin a chuirfear chun feidhme croímholadh Thuarascáil an Choimisiúin ar Stádas Daoine faoi Mhíchumas.

2.13 Tá sé beartaithe an Bille um Rialú Foirgníochta a thabhairt isteach i 2005.

Forfheidhmiú — An Nós Imeachta maidir le Gearáin

2.14 Tá súil leis go n-iniúchfaidh na hÚdaráis Rialaithe Foirgníochta 12%-15% de na foirgnimh ar fad atá clúdaithe faoi Fhógraí Tosaigh bailí arna seirbheáil ar na húdaráis. Leanfaidh an Roinn de bhrú a chur ar na hÚdaráis sin an spriocleibhéal iniúchta íosta a bhaint amach go huilíoch agus go comhleanúnach.

2.15 Éascófar gníomh forfheidhmithe leantach ag na hÚdaráis sin leis an mBille um Rialú Foirgníochta atá beartaithe — ar Bille é lena n-éascófar an próiseas ionchúisimh tríd an rogha a thabhairt do na húdaráis ionchúisimh achoimre a thionscnamh i leith chionta uile an chóid foirgníochta, mar mhalairt ar an ionchúiseamh níos casta ar díotáil ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

2.16 I gcás ina mbraithfeadh aon duine, duine faoi mhíchumas san áireamh, nach bhfuil foirgneamh ar leith a soláthraíodh tar éis 1 Meitheamh 1992 ag

comhlíonadh Chuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta, féadfar gearán chuige sin a chur faoi bhráid an Údaráis Rialaithe Foirgníochta don cheantar.

2.17 Déanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (An Rannóg do Chaighdeáin Fhoirgníochta) liosta de shonraí teagmhála (ainm, seoladh phoist agus/nó ríomhphost, uimhreacha fóin/facs) na nOifigeach Rialaithe Foirgníochta sna 37 n-údarás áitiúil rialaithe a choinneáil agus a uasdátú ar féidir gearáin a sheoladh chucu.

3 Láithreáin Oidhreachta

Sprioc Foriomlán

3.1 Féachfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i gcás is cuí i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí, chun ar aistríodh freagracht oibríochta i gcomhair formhór na láithreán oidhreachta tógtha ar an 1 Eanáir 2004 (féach Paragraf 3.6), lena chinntiú maidir le láithreáin úinéireachta atá faoi úinéireacht aici, go mbeidh siad, a mhéid is féidir, inrochtana ag daoine faoi mhíchumas roimh 31 Nollaig 2007, faoi réir Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, na nAchtanna um Fhiadhúlra agus, i gcás déanmhas cosanta agus limistéar caomhantais ailtireachta, faoi réir chomhlíonadh cheanglais Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

3.2 I gcás seirbhísí atá curtha ar fáil ag údarás áitiúil maidir le láithreán oidhreachta, féachfaidh an t-údarás áitiúil lena chinntiú go ndéanfar, a mhéid is féidir, rochtain ar na seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ar mhodh lena gcumasaítear dóibh taisteal gan stró agus le dínit timpeall an láithreáin nó timpeall na coda sin de chun a mbeidh rochtain acu uirthi. Cé go mbeidh cur chun feidhme an chuspóra seo ag brath ar na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil, tá sé i gceist go mbainfear an cuspóir seo amach, a bheag nó a mhór, faoi 2007. Coinneofar an dáta seo faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí airgeadais agus eile.

Rochtain ag Daoine faoi Mhíchumas ag Páirceanna Náisiúnta agus Tearmainn Dúlra

3.3 Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freagrach as réimse leathan sealúchas atá suntasach ó thaobh na hoidhreachta náisiúnta de. Toisc ilghnéitheacht mhór a bheith ann ó thaobh sealúchas de, agus ceisteanna indibhidiúla ag gabháil le gach aon cheann acu ó thaobh na caomhnóireachta agus soláthair seirbhíse de, ní fheileann cur chuige nó réiteach caighdeánaithe i dtaca le rochtain a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. I gcásanna áirithe fíoreisceachtúla, beidh riachtanais chaomhnóireachta láithreáin de chineál ar dhóigh nach mór rochtain de shaghas ar bith a theorannú do gach uile úsáideoir a d'fhéadfadh a bheith ann. Is maith is eol do lucht na seirbhíse seo riachtanais

daoine a bhfuil leibhéil éagsúla cumais acu agus bhíodar ag obair ar mhodh dearfa le fiche bliain anuas chun rochtain, seirbhísí agus saoráidí a sholáthar ag na láithreáin a bhfuil siad freagrach astu, le linn dóibh, thairis sin a bhfreagracht mar chaomhnóir na láithreán oidhreachta nádúrtha sin a fheidhmiú. Is mian le lucht na seirbhíse seo rochtain ag na míchumasaigh a éascú ar an mbonn céanna le daoine lánábalta agus féachann sé lena chinntiú go bhfuil a gcuid láithreán agus a gcuid gníomhaíochtaí inrochtana ag gach uile dhuine. Leanadh den pholasaí seo agus tá gach iarracht déanta chun fónamh do dhaoine faoi mhíchumas ag láithreáin SPNF, ag féachaint don chaomhnú, do thopagrafacht an limistéir agus do shábháilteacht na n-úsáideoirí. Dhíreofaí leis na hiarrachtaí sin ar chéimeanna a bhaint amach, ar rampaí agus ardaitheoirí a shuiteáil, i gcás inar gá sin, ar chúrsaí iompair, páirceála, bealaí isteach, taitneamhachtaí lasmuigh, taitneamhachtaí laistigh, saoráidí sláintíochta, deasca eolais agus saoráidí eile dá leithéid agus ar dhearadh ginearálta déanmhas chun deireadh a chur le constaicí ón tús.

3.4 Chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint, tá an SPNF i gcásanna áirithe teoranta ag dualgais reachtúla amhail Treoir Gnáthóg an AE a aistríodh isteach i ndlí in Éireann le I.R. 94 de 1997. Tá ceanglas dlíthiúil ar an SPNF na Limistéir Speisialta Caomhantais a chosaint ó dhamáiste faoi théarmaí Threoir Gnáthóg an AE. Déanfaidh an SPNF, le linn dó aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le bacainní fisiciúla a bhaint anuas mar a thuairiscítear sa pharagraf roimhe seo, gníomhaíochtaí/saoráidí nua a bhreithniú, amhail úsáid a bhaint as feithiclí móraraithe, m.sh. ATVanna (Feichiclí Uile-Thír-Raoin) i gcás nach gcuirfeadh sé sin leis an mbaol damáiste do Limistéir Speisialta Caomhantais ar thalamh de chuid an Stáit. Thairis sin, ar chúiseanna slándála, ní cheadóidh an SPNF iompar ATV a úsáid i limistéar úsáide cuairteoirí i gcás ina ngabhfadh fadhbanna le daoine aonair a tharrtháil. Beidh an SPNF sásta, áfach, cabhrú a thabhairt chun limistéir ina bhféadfaí glacadh leis an gcineál sin iompair a aithint dá mba léir go raibh gá leis agus nach mbeadh na rioscaí atá leagtha amach go hachomair thuas i gceist.

3.5 Mar a dhearbhaítear i Straitéis na Roinne le feabhas a chur ar Sheirbhís do Chustaiméirí, i gcomhairle leis an Údarás Comhionannais, breithneoidh an SPNF conas ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar bhearta comhionannais nó cur leis na bearta sin sa todhchaí. Tá cur chuige forghníomhach glactha ag an SPNF agus leanfaidh sé den chur chuige sin i dtaca lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i dtéarmaí rochtain agus a seirbhísí a sholáthar i gcás na sealúchas a bhfuil sé freagrach astu. Tá sé den tuairim gurb é an dóigh is fearr inar féidir é sin a

bhaint amach ná trí chomhaontuithe beartais agus tacaíocht acu ó phleananna bainistíochta ar láithreáin aonair nó ar ghrúpaí láithreán.

Rochtain Daoine faoi Mhíchumas ag Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi Chúram an Stáit

3.6 Tagann ceisteanna chun cinn atá cosúil leo sin ar láithreáin SPNF i ndáil le rochtain a sholáthar chuig séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit. Ón 1 Eanáir 2004 i leith tá bainistiú na láithreán sin mar chuid de fhreagracht Oifig na nOibreacha Poiblí.

3.7 Beidh an Roinn, le linn di a fheidhm i dtaca le beartas a fheidhmiú i ndáil leis an oidhreacht tógtha, ag comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar do dhaoine míchumasaithe, ag féachaint do cheanglais chaomhantais na láithreán a bhaineann le hábhar. Ceist d'Oifig na nOibreacha Poiblí a bheidh ann an rochtain fheabhsaithe a chur i bhfeidhm.

4 Pleananna Údaráis Áitiúil

4.1 An Cuspóir Foriomlán

4.1.1 Is é an cuspóir foriomlán rochtain uilíoch a chur chun cinn a luaithe is féidir ar gach aon spás poiblí, gach aon fhoirgneamh poiblí agus ar na foirgnimh agus na seirbhísí faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil. Cé go mbraithfidh feidhmiú an chuspóra seo ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do gach údarás áitiúil aonair, tá sé beartaithe an cuspóir a bhaint amach, a bheag nó a mhór, faoi 2015. Coinneofar an dáta seo faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí airgeadais agus eile.

4.2 Iniúchadh Inrochtana

4.2.1 Déanfaidh gach údarás áitiúil, laistigh de shé mhí ó cheadú an Phlean ag an Oireachtas, iniúchadh inrochtana ar gach aon fhoirgneamh poiblí, gach aon pháirc phoiblí, gach aon taitneamhacht agus spás oscailte, gach aon bhóthar agus sráid, cosán agus trasrian coisithe, ar gach aon láithreán oidhreachta, leabharlann phoiblí, stáisiún vótála agus calafoirt atá faoina rialú agus sainaithneoidh sé cén gníomh ceartaitheach is gá a dhéanamh chun go mbeidh na foirgnimh etc. sin inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas.

4.2.2 Clúdóidh an t-iniúchadh inrochtana rochtain ar eolas chomh maith.

4.3 Plean i dtaca le Cur chun Feidhme

4.3.1 Déanfaidh gach aon údarás áitiúil, laistigh de thrí mhí tar éis an t-iniúchadh inrochtana a chríochnú, plean i dtaca le cur chun feidhme a tharraingt suas ina leagfar amach clár (dátaí san áireamh) chun na gealltanais agus na cuspóirí atá sa Bhille agus sa Phlean Earnála a chur chun feidhme. Foilseoidh gach údarás áitiúil an plean i dtaca le cur chun feidhme — lena n-áirítear é a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin. Cuirfear cóip den phlean i dtaca le cur chun feidhme chuig an Roinn.

4.3.2 Féachfaidh na húdaráis áitiúla, agus iad ag tarraingt suas a gcuid pleananna i dtaca le cur chun feidhme, do na hacmhainní cistiúcháin agus foirnithe a bheidh ar fáil dóibh lena chur chun feidhme. Tabharfar tosaíocht do na foirgnimh agus do na saoráidí eile is minice a mbeidh rochtain chucu ag teastáil.

4.4 Struchtúir chun tacú le seachadadh pleanála agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas

4.4.1 Comheagróidh Oifigeach Rochtana míchumais ainmnithe an údaráis áitiúil freagairt an údaráis ar na bearta sa Bhille um Míchumas agus fónfaidh sé mar phointe teagmhála idir an t-údarás áitiúil agus grúpaí míchumais áitiúla agus daoine faoi mhíchumas.

4.4.2 Déanfaidh na húdaráis áitiúla, trí na Boird Fhorbartha Contae/Cathrach, comheagrú a chur chun cinn go gníomhach idir na soláthróirí seirbhísí uile sa limistéar acu, i dtaca le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

4.4.3 Forbróidh údaráis áitiúla meicníochtaí cuí do chinnteoireacht profa míchumais a gcuid Comhairlí.

4.5 Comhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas

4.5.1 Rachaidh údaráis áitiúla i ndáil comhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag déanamh a gcuid iniúchtaí inrochtana agus le linn dóibh a gcuid pleananna i dtaca le cur chun feidhme a tharraingt suas.

4.6 Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí

4.6.1 Déanfaidh gach aon fhoirgneamh údaráis áitiúil nua na Rialacháin Foirgníochta a chomhlíonadh, ar rialacháin iad a choinneofar faoi athbhreithniú. Beidh foirgnimh atá ann cheana féin faoi réir cheanglais rochtana an Bhille um Míchumas.

Seirbhísí nua de chuid na n-údarás áitiúil

4.7 Cuspóir foriomlán

4.7.1 Is é an cuspóir foriomlán go n-áiritheoidh gach aon údarás áitiúil, a mhéid is indéanta, go mbeidh aon seirbhís nua nó saoráidí tógtha arna soláthar aige, tar éis thosach feidhme an Achta, inrochtana ag daoine faoi mhíchumas.

4.8 Cuspóir foriomlán

4.8.1 Is é cuspóir foriomlán an bheartais tithíochta a chumasú do gach aon líon tí teaghais sách saor ar dea-cháilíocht a bheith ar fáil acu, is teaghais a fheilfidh dá gcuid riachtanas, i dtimpeallacht mhaith agus, a mhéid is féidir, faoina rogha tionachta.

4.9 Ceisteanna deartha tithíochta

4.9.1 Túsphointe an-tábhachtach is ea é a mhéid a dtig le daoine faoi mhíchumas rochtain a bheith acu ar thithe i ndáil lena áirithiú go ndéantar fónamh ar a gcuid riachtanas. Maidir le caighdeáin Rialachan Chuid M do thithe nua atá ag éabhlóidiú agus dá dtagraítear i gCaibidil a 2 agus an poitéinseal do dhul chun cinn ó thaobh trealaimh agus dearaidh amach anseo, ba chóir go leanfaidh feabhsuithe ginearálta astu sin i dtaca le rochtain ar stoc tithíochta thar tréimhse ama. Aithnítear, áfach, gur lú iad líon na roghanna a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas i dtéarmaí soláthar a dhéanamh dá gcuid riachtanas tithíochta. Bíonn tacaíocht de dhíth ar iliomad daoine cibé acu trí oiriúnú a dhéanamh ar thithe príobháideacha d'fhonn fónamh ar a gcuid riachtanas nó cineálacha cóiríochta níos speisialaithe a sholáthar. Sa chomhthéacs seo, tá an plean earnála seo dírithe ar shocruithe a shuiteáil atá dírithe ar cháilíocht na rogha a bhíonn ar fáil a fheabhsú agus ar acmhainní a dhíriú ar na réimsí is mó tosaíocht.

4.9.2 Dírítear leis an bplean ar riachtanais daoine faoi mhíchumas trí na bearta seo a leanas:

4.10 Measúnú ar riachtanas tithíochta

4.10.1 Ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla faoi Achtanna na dTithe tabhairt faoi mheasúnú reachtúil ar riantanas tithíochta ina limistéir féin. Mar chuid den mheasúnú sin, ní mór d'údaráis áitiúla na daoine sin a aithint a n-eascraíonn an riachtanas acu go díreach ó mhíchumas. Déanfar an chéad mheasúnú eile i Márta 2005. Tá treorú nua tugtha d'údaráis áitiúla d'fhonn a áirithiú go dtabharfar faoin mheasúnú sin ar mhodh cuimsitheach chun a áirithiú go ndéanfar an uile dhuine faoi mhíchumas a bhfuil tithíocht údaráis áitiúil de dhíth air nó uirthi a áireamh sa mheasúnú.

4.11 Clár tithíochta sóisialta agus incheannaithe

4.11.1 Tá an Rialtas tiomanta do chlár láidir tithíochta sóisialta incheannaithe. In 2003, cuireadh cóiríocht ar fáil do bhreis agus 13,000 teaghlach feadh gach uile chatagóir riachtanais. Leanfaidh daoine atá faoi mhíchumas de bheith ina dtosaíocht. Maidir le tithe a ligean ar cíos do thionóntaithe, lena n-áirítear tithe a ligean ar cíos do dhaoine faoi mhíchumas, déantar é sin a riar de réir théarmaí scéim na dtosaíochtaí ligin ar cíos atá glactha ar láimh ag gach údarás áitiúil agus a bhíonn á oibriú aige ina limistéar riaracháin. Iarrrfar ar údaráis áitiúla, do 2004, an scéim tosaíochtaí ligin ar cíos atá acu a athbhreithniú d'fhonn a áirithiú go dtabharfar aitheantas mar is cuí do dhaoine faoi mhíchumas. Leanfaidh dearadh agus foirgníocht na dtithe nua a leithdháiltear ar dhaoine faoi mhíchumas de shainriachtanais na ndaoine aonair atá i gceist a chur i gcuntas.

4.11.2 Leanfaidh an clár tithíochta sóisialta incheannaithe na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil de thacú le hearnáil bhríomhar shaorálach chomhoibritheach agus leanfaidh an Roinn de scéimeanna tithíochta saorálacha a chistiú lena n-áirítear iad sin atá ceaptha fónamh do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas.

4.11.3 Le roinnt blianta anuas, tá feabhas curtha ar an tithíocht agus ar an timpeallacht ghinearálta ina bhfuil cónaí ar thionóntaí atá anois ann, a bhuíochas d'infheistíocht shuntasach a rinneadh san athghiniúint agus in oibreacha feabhais. Tá an Roinn tiomanta d'áirithiú go mbainfear úsáid as na hacmhainní atá ar fáil do chóiríocht shóisialta incheannaithe lena chinntiú go bhforbrófar pobail inmharthana a chuirfidh timpeallacht dea-cháilíochta ar fáil do thionóntaí agus do cheannaitheoirí araon. Tar éis athbhreithniú ar an scéim oibreacha feabhais tá cur chuige níos iomlánaíche á ghlacadh ag an Roinn i leith athchóiriú eastát rialtais áitiúil trí thimpeallacht shóisialta na n-eastát a fheabhsú mar aon le feabhsuithe ar an stoc tithíochta.

4.11.4 Beidh roghanna tithíochta breise ar fáil do theaghlaigh go ginearálta tríd an earnáil phríobháideach sin ina ligtear tithe ar cíos a neartú. Déanfaidh an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 níos mó cinnteachta a chur ar fáil do thionóntaí, agus daoine faoi mhíchumas san áireamh. Thairis sin foráiltear go sonrach leis an Acht nach bhfuil rud ar bith ann lena n-údaraítear iompar atá coiscthe leis an Acht um Stádas Comhionann i dtaca le déileáil le cóiríocht a sholáthar. Cinnteoidh an Roinn, agus an reachtaíocht nua á cur chun feidhme aici, go mbeidh na tacaíochtaí cuí ar fáil do Bhord na dTionachtaí Cónaithe

Príobháideacha ionas go dtuigfear ceisteanna a bhaineann le míchumas agus go ndíreofar ar na ceisteanna sin.

4.12 Tionscnaimh speisialta agus deontais

4.12.1 Leanfaidh deontas tí nua duine mhíchumasaithe de bheith ar fáil chun cabhrú le daoine aonair teach nua a oiriúnú chun fónamh do riachtanais duine faoi mhíchumas.

4.12.2 Tá an Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil chun cúnamh a chur ar fáil le haghaidh oibreacha athchoigeartaithe d'fhonn teach a dhéanamh níos oiriúnaí le haghaidh cóiríochta do dhuine faoi mhíchumas. Údaráis áitiúla a riarann an scéim agus í bunaithe ar riachtanas áitiúil. Tá moltaí lena leasú á mbreithniú faoi láthair sa Roinn, ag éirí as athbhreithniú a rinneadh ar an scéim. Eilimint an-tábhachtach den athbhreithniú is ea an gá le tosaíocht a thabhairt ó thaobh acmhainní de dóibh siúd is mó atá i ngátar, ag féachaint do thosca leighis agus airgeadais.

4.12.3 Tá an cheist maidir le treoirlínte a eisiúint chun comhleanúnachas a chinntiú i dtaca le heilimintí neamhreachtúla na scéime sin á breithniú faoi láthair sa Roinn. Glactar leis gur gá go mbeadh dlúthchomhar ann idir údaráis áitiúla agus boird sláinte agus leagfar béim ar an ngné sin i dtaca le haon scéim leasaithe a fhoilsiú agus a mhonatóireacht ina dhiaidh sin.

4.13 Iniamh sóisialta

4.13.1 Is dlúthchuid bhunaidh den rialtas áitiúil í an t-iniamh sóisialta a fheabhsú agus a chur chun cinn agus is cuspóir an-tábhachtach í feadh réimse leathan a chuid feidhmeanna traidisiúnta agus a chuid feidhmeanna deireanacha araon. Tá sé sin le sonrú sa ról méadaithe atá aige i roinnt tionscnamh amhail an Líonra Frithbhochtaineachta Rialtais Áitiúil, an bhaint leathnaithe atá aige i bhforbairt pobail, an príomhról atá aige sna Boird Fhorbartha Contae/Cathrach agus i mbunú Aonad Iniaimh Shóisialta atá dírithe ar fhorbairt straitéiseach fócais láidir frithbhochtaineachta laistigh de chleachtas agus polasaí rialtais áitiúil. Déanfaidh údaráis áitiúla, le linn dóibh tionscnaimh iniaimh shóisialta a chur chun cinn go ginearálta, tríd a gcuid Pleananna nua Corparáideacha agus Bliantúla agus, i gcás inar cuí, i gcomhpháirt leis na Boird Fhorbartha Contae/Cathrach (atá ionadaíoch do ghníomhaireachtaí stáit, do chomhlachtaí forbartha áitiúla, do na comhpháirtithe sóisialta áitiúla agus don phobal áitiúil), bearta cuí do dhaoine faoi mhíchumas a chothú agus a chur chun cinn go gníomhach.

4.14 Cuspóir foriomlán

4.14.1 Is é an cuspóir foriomlán a chinntiú go mbeidh bóithre, sráideanna agus cosáin, a mhéid atá praiticiúil, inrochtana agus inúsáide ag daoine faoi mhíchumas, cé gur féidir. Mar atá leagtha amach sna paragraif seo a leanas, déantar cúram sonrach do riachtanais daoine faoi mhíchumas i dtaca le bóithre, sráideanna agus cosáin — nua nó feabhsaithe — a dhearadh agus a thógáil. Clúdófar saoráidí atá ann cheana féin tríd an iniúchadh inrochtana dá dtagraítear go sonrach i bParagraf 4.2.

4.15 Seirbhísí nua agus feabhsaithe

4.15.1 Tá gach údarás áitiúil freagrach as bóithre neamhnáisiúnta a chothabháil agus a fheabhsú agus as tionscadail a roghnú agus a thosaíochtú lena gcistiú. Tá sé freagrach freisin as obair a dhéanamh i ndáil le pábháil miasach agus tadhlach ar chosáin agus i dtaca le conairí réidh a sholáthar, etc.

4.15.2 D'eisigh an Roinn Meabhrán Athbhreithnithe ar Dheontais i gcomhair Bóithre Neamh-Náisiúnta d'údaráis áitiúla ar an 5 Feabhra 2001. Sa mheabhrán seo, áitítear ar na húdaráis áitiúla, le linn dóibh oibreacha bóthair a phleanáil agus a fheidhmiú agus go háirithe le linn pleanáil agus dearadh saoráidí coisithe, aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine faoi bhac gluaiseachta, lena n-áirítear daoine a bhfuil máchail radhairc orthu.

4.15.3 Tá treoirlínte sna Treoirlínte Bainistíochta Tráchta (arna bhfoilsiú i gcomhpháirt ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, an Roinn Iompair agus Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, Bealtaine 2003) maidir le dearadh stadanna bus agus dearadh áiseanna dul trasnú i gcomhair daoine faoi bhac gluaiseachta/céadfach.

4.15.4 Déanfaidh an Roinn, agus í ag leasú agus ag uasghrádú an Mheabhráin ar Dheontais i gcomhair Bóithre Neamh-Náisiúnta, a iarraidh ar údaráis áitiúla a chinntiú go mbeidh gach aon stad bus agus saoráidí trasriain coisithe i ngach bóthar neamh-náisiúnta amach anseo a bheidh á bpleanáil nó á dtógáil ag na húdaráis áitiúla ag cloí leis na leaganacha amach atá ar áireamh sa doiciméad *Treoirlínte Bainistíochta Trachta.*

4.15.5 Déanfaidh údaráis áitiúla, i gcomhairle leis na húdaráis iompair ábhartha, agus aird acu a mhéid is praiticiúil ar an gcistiú a bheidh ar fáil, soláthar do

chosáin a ardú go dtí an leibhéal cuí d'fhonn an bealach isteach is amach do phaisinéirí i gcathaoireacha rothaí ar agus ó bhusanna ísealurláir a éascú agus d'uasghrádú sráid-dreacha i gcriosanna coisithe trí dheireadh a chur le cosáin.

Vótáil

4.16 Cuspóir Foriomlán

4.16.1 Cuirfidh údaráis áitiúla agus cinn chomhairimh rochtain ar fáil chuig ar chlárú agus vótáil do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine faoi chúram institiúideach.

4.16.2 Tá páipéir bhallóide ar a n-áirítear grianghrafanna iarrthóirí agus suaitheantais pháirtí in úsáid faoi láthair chun cabhair a thabhairt do dhaoine a bhfuil máchail radhairc orthu agus daoine ar deacair dóibh léamh nó scríobh a vóta a chaitheamh. Chomh maith leis sin, tá leaganacha mórchló de pháipéir bhallóide ar taispeáint i stáisiúin vótála chun cuidiú thairis sin le toghthóirí a bhfuil máchail radhairc orthu nó ar deacair dóibh léamh nó scríobh.

4.16.3 Tar éis na Tuarascála ón gCoimisiún um Vótáil Leictreonach in Aibreán 2004, tá an Roinn ag dul ar aghaidh leis an vótáil agus an comhaireamh leictreonach i gcomhpháirt leis an gCoimisiún sin. Tá a indéanta a bheadh sé saoráid a sholáthar chun vótáil leictreonach neamhspleách a cheadú do dhaoine faoi mháchail radhairc á scrúdú.

4.16.4 Déanfaidh an Roinn, i gcomhairle le Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn, eolas a chur ar fáil maidir le clárú agus vótáil i bhformáidí inrochtana.

4.16.5 Tá foráil sa dlí toghcháin do roinnt beart i ndáil le hinrochtaine ar fhorignimh vótaíochta. Foráiltear leis an Acht Toghcháin (Leasú) 1996 go bhféachfaidh údaráis áitiúla, le linn dóibh scéimeanna vótaíochta a dhéanamh, le hionaid vótaíochta a cheapadh mar a mbeidh stáisiún vótaíochta amháin ar a laghad inrochtana ag lucht úsáide cathaoireacha rothaí. Ceanglaítear leis an Acht thairis sin go ndéanfaidh an ceann comhairimh, i gcás is praiticiúil, stáisiúin vótaíochta a sholáthar a mbeidh rochtain ag lucht úsáide cathaoireacha rothaí orthu. Caithfidh an t-oifigeach sin, thairis sin, i gcás is praiticiúil, fógra poiblí a thabhairt maidir le gach aon stáisiún vótaíochta nach bhfuil inrochtana ag lucht úsáide cathaoireacha rothaí tráth nach déanaí ná ocht lá roimh an lá vótaíochta. I gcás ina mbeidh deacracht ag toghthóir rochtain a fháil ar an stáisiún vótaíochta

aige nó aici féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh i scríbhinn ar údarú chun vótáil i stáisiún vótaíochta eile sa dáilcheantar céanna i stáisiún a bheidh inrochtana ag lucht úsáide cathaoireacha rothaí.

4.16.6 Féadfaidh daoine faoi mháchail coirp nó ar deacair dóibh léamh nó scríobh, a luaithe a bheidh siad sa stáisiún vótaíochta, leas a bhaint as vótáil compánaigh nó cúnamh a lorg ón oifigeach ceannais. De mhalairt ar sin, i gcás duine faoi mháchail coirp nó a bhfuil tinneas air nó uirthi a choisceann air nó uirthi dul chuig an stáisiún vótaíochta, féadfaidh sé vótáil tríd an bpost ach iarratas a dhéanamh a bheith ar áireamh ar liosta na vótálaithe poist a ullmhaítear gach aon bhliain mar chuid de chlár na dtoghthóirí.

Leabharlanna

4.17 Cuspóir foriomlán

4.17.1 Beidh an Roinn, i bpáirt leis an gComhairle Leabharlanna agus leis na 32 údarás leabharlainne, ag leanúint de chur chun feidhme mholtaí na Tuarascála *Branching Out* i ndáil le feabhas a chur ar chomhionannas rochtana ar sheirbhísí leabharlainne do gach uile dhuine.

4.17.2 Leanfaidh údaráis áitiúla, a mhéid is praiticiúil agus de réir na dtreoirlínte arna n-éisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí Iúil 2003, ag cur áiseanna scanta optúla ar fáil i leabharlanna poiblí chun cabhair a thabhairt do dhaoine faoi mháchail radhairc an trealamh chomh maith leis na bogearraí agus an trealamh atá riachtanach chun cabhrú le daoine ar deacair dóibh léamh agus scríobh. Féadfaidh údaráis áitiúla leas a bhaint as cúnamh uasdeontais €4,400 an láithreán i leith costas ceannaigh, suiteála agus oiliúna comhlachaithe.

4.17.3 Tá stoc leabhar mórchló ag nach mór gach leabharlann sa tír faoi láthair. Cinnteoidh údaráis áitiúla, a mhéid is praiticiúil, go gcoinnítear na stoic sin cothrom le dáta.

4.17.4 Déanfaidh gach leabharlann nua na Rialacháin Fhoirgníochta a chomhlíonadh. Beidh na leabharlanna a tógadh roimh na Rialacháin Fhoirgníochta (Meitheamh 1992) clúdaithe san iniúchadh inrochtana dá dtagraítear níos luaithe i bParagraf 4.2.

4.17.5 Rinneadh an tionscadal *Rochtain ar Leabharlanna/Library Access,* ar tionscadal é a sheoladh i leabharlann Sráid an Phiarsaigh ar an 11 Meán Fómhair 2003, a fhorbairt i gcomhpháirt leis an gComhairle Leabharlanna agus leis an Údarás Comhionannais. Is é *Rochtain ar Leabharlanna* an chéad fhoinse tiomanta eolais agus tacaíochta do lucht pleanála áiseanna leabharlainne lena nglactar tionscnaimh do chóiríocht réasúnach d'úsáideoirí leabharlanna faoi mhíchumas i gcomhthéacs na hÉireann. Tarraingíonn sé ar dhea-chleachtas ó thíortha eile chun creat taca a shuíomh do chur chuige pleanáilte córasach i leith na cóiríochta sin. Seacht n-eilimint atá sa chreat, eadhon — dul i gcomhairle, foirmiú polasaí agus pleanáil, iniúchadh ar mhíchumas, dearadh iniatach, oiliúint, margú agus rialú cáilíochta. Tá an Chomhairle Leabharlanna agus an tÚdarás Comhionannais dóchasach go ndéanfar na cleachtais a leagadh amach in *Rochtain ar Leabharlanna/Library Access* a chur chun feidhme go forleitheadach feadh sheirbhís na leabharlann poiblí. Tá an dá eagraíocht tiomanta do thoradh dá leithéid a spreagadh agus do thacaíocht a thabhairt dó agus tiomanta thairis sin do chóiríocht réasúnach do dhaoine faoi mhíchumas i ngach aon ghné de na seirbhísí leabharlainne poiblí.

Páirceanna poiblí, spásanna oscailte agus taitneamhachtaí

4.18 Déanfar promhadh ar shaoráidí nua i dtaca le hinrochtaineacht ag céim an deartha agus na tógála/forbartha. Clúdófar na háiseanna atá ann cheana féin leis an iniúchadh inrochtana dá dtagraítear níos luaithe i bParagraf 4.2.

Calafoirt

4.19.1 Maidir le húdaráis áitiúla a dhéanann saoráidí a sholáthar ag calafoirt laistigh dá limistéar freagrachta go sonrach do phaisinéirí a íocann táille, m.sh. áiseanna chun dul ar bord agus tuirlingt ó longa paisinéirí etc. déanfaidh siad, a mhéid is praiticiúil, gach céim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú, i gcás na n-áiseanna a sholáthraíonn na húdaráis ag calafort ina gcuirtear seirbhísí paisinéirí, go mbeidh siad inrochtana ag daoine faoi mhíchumas—

(i) le linn dóibh a bheith san fhoirgneamh críochphoirt, agus sna limistéir phoiblí choimhdeacha, lena n-áirítear foirgnimh, bóithre agus limistéir pháirceála atá gaolmhar;

(ii) le linn dóibh dul chuig long paisinéirí agus uaithi; agus

(iii) le linn dóibh dul ar bord loinge paisinéirí nó ag tuirlingt uaithi.

4.19.2 Beidh na húdaráis áitiúla ag comhoibriú leis na húdaráis chalafoirt agus soláthraí eile, mar is gá, chun teacht éasca a chur chun cinn, go ginearálta d' iompar phoiblí.

4.19.3 Maidir le gach calafort nua arna sholáthar ag na húdaráis áitiúla dearfar agus tógfar iad ar an gcaighdeán is airde rochtana. Calafoirt údarás áitiúil, atá ann cheana féin, clúdófar iad leis an iniúchadh inrochtana dár tagraíodh i bParagraf 4.2.

Eolas

4.20.1 Cinnteoidh údaráis áitiúla, a mhéid is praiticiúil, maidir leis an rochtain ar eolas a sholáthróidh siad, nó a sholáthrófar thar a gceann, go mbeidh sí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i bhformáid inrochtana arna soláthar acu faoin 31 Nollaig 2005. Folóidh sé sin eolas arna iarraidh

- ag duine faoi mháchail radhairc, m.sh. eolas i bhformáid leictreonach lena n-úsáidtear teicneolaíocht oiriúnaitheach, agus
- ag duine faoi mháchail éisteachta nó faoi mhíchumas foghlama.

Oiliúint ar Fheasacht ar Mhíchumas

4.21.1 Eagróidh údaráis áitiúla oiliúint ar fheasacht ar mhíchumas, mar a mheasfar a bheith cuí, d'Oifigigh Phearsanra, oifigigh rialaithe foirgneamh, innealtóirí, oifigigh rochtana, oifigigh idirchaidrimh míchumais agus foireann eile de chuid na n-údarás áitiúil a bheidh freagrach as an mBille agus an gCreat-Phlean seo a chur chun feidhme.

Leasú ar Phleananna Gnímh

4.22.1 Déanfaidh údaráis áitiúla, ó am go h-am, a gcuid pleananna i dtaca le cur chun feidhme a athbhreithniú agus a leasú i bhfianaise an ráta dul chun cinn a bheidh á bhaint amach, i bhfianaise na ndálaí athraithe agus na fála a bheidh ar acmhainní.

Cistiú

4.23.1 Déanfaidh údaráis áitiúla, le linn dóibh a gcuid pleananna i dtaca le cur chun feidhme a tharraingt suas, mionchostálacha a ullmhú faoi na gníomhartha

éagsúla is gá a dhéanamh d'fhonn a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Ní mór leibhéal na n-acmhainní a bheidh ar fáil a chur san áireamh i dtaca le cur chun feidhme na ngníomhartha éagsúla atá sa Bhille agus sa Phlean Earnála seo.

Fostaíocht Údaráis Áitiúil

4.24 *Sprioc 3%*

4.24.1 Cé gur sháraigh earnáil na n-údarás áitiúil sprioc íosta 3% an Rialtais d'fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí do na blianta dar chríoch 2001, 2002 agus 2003 tá roinnt údarás áitiúil ann nár bhain an sprioc 3% amach go fóill. Ceanglófar ar na húdaráis áitiúla sin bearta a shuíomh láithreach lena chinntiú go mbainfidh siad an sprioc sin amach a luaithe is féidir. I gcás na n-údarás áitiúil a bhfuil an sprioc 3% bainte amach acu cheana féin, ceanglófar orthu gach dícheall a dhéanamh leis an leibhéal sin fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a choinneáil nó a shárú.

4.25 *Comórtais Speisialta*

4.25.1 Cé gur féidir le daoine faoi mhíchumas iarratas a chur isteach ar phoist sa tseirbhís phoiblí trí chomórtais oscailte, tá sé aitheanta go bhfuil gá freisin le gníomhartha speisialta spriocdhírithe. Sa chomhthéacs sin, eagraíonn na húdaráis áitiúla, ó am go ham, comórtais speisialta le haghaidh na bpost mar Oifigeach Cléireachais agus Cúntóir Leabharlainne do dhaoine faoi mhíchumas. Leanfaidh údaráis áitiúla den chleachtas seo.

4.26 *Cód Cleachtais maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas sa tSeirbhís Údaráis Áitiúil*

4.26.1 Eisíodh Cód Cleachtais maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas sa tSeirbhís Údaráis Áitiúil do gach aon údarás áitiúil agus údarás reigiúnach ar an 19 Iúil 1999. Meitheal Oibre a tharraing suas an Cód Cleachtais seo, ar a raibh ionadaithe ó na húdaráis áitiúla agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i gcomhairle le ceardchumainn fhoirne agus le lucht bainistíochta, le daoine leasmhara ón bpobal agus ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Tá cóipeanna den Chód ar fáil freisin i mBéarla agus i mBraille, ach iad a iarraidh.

4.26.2 Leagtar amach sa Chód, atá infheidhmithe i leith fostaithe uile na n-údarás áitiúil, polasaí agus dea-chleachtas chun a chinntiú go mbeidh

deiseanna ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus tá sé ceaptha réim gairme torthúil tairbheach a thairiscint dóibh sa tseirbhís rialtais áitiúil. Clúdaíonn an Cód ceisteanna amhail earcaíocht, imeascadh san ionad oibre, forbairt réime gairme, cóiríocht agus trealamh, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair chomh maith le nósanna imeachta i dtaca le haslonnú.

Gearáin

4.27.1 Tá Oifigeach Rochtana ag gach údarás áitiúil cheana arb fheidhm dó nó di gníomhaíochtaí rochtana a chomhordú agus a chur chun cinn i réimse an Bhainisteora.

4.27.2 De réir an Bhille um Míchumas beidh ar a laghad oifigeach ainmnithe amháin ag gach údarás áitiúil chun déileáil le gearáin.

4.27.3 Foilseoidh gach aon údarás áitiúil ainm an oifigigh/na n-oifigeach gearáin, chomh maith le sonraí teagmhála (ainm, seoladh phoist agus ríomhphost, uimhreacha fóin agus facs), agus beidh na sonraí seo ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí míchumais oiriúnacha.

4.27.4 Beidh nós imeachta inmheánach neamhfhoirmiúil arna shuíomh ag gach údarás áitiúil chun déileáil le gearáin agus le hionadaíochtaí ó ionadathe tofa. Is é an rannán nó an roinn de chuid an údaráis áitiúil a sholáthraíonn an tseirbhís a dhéileálfaidh go hiondúil le gearáin ar an gcéad ásc. Muna leanfaidh réiteach sásúil ar an ngearán as sin, ba chóir an ní a tharchur chuig oifigeach gearáin.

4.27.5 Foráiltear sa Bhille d'achomhairc chuig an Ombudsman.

Idirchaidreamh

4.28.1 Glacfaidh údaráis áitiúla beart cuí chun a chinntiú go mbeidh socruithe éifeachtacha idirchaidrimh arna suíomh le Ranna Rialtais eile agus le comhlachtaí poiblí iomchuí, agus go háirithe le comhlachtaí amhail boird sláinte agus údaráis iompair, d'fhonn rochtain a éascú ag daoine faoi mhíchumas ar a gcuid riachtanas.

5 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Phleananna na nÚdarás Áitiúla agus ar an bPlean Earnála

5.1 Údaráis Áitiúla

5.1.1 Déanfaidh gach údarás áitiúil monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean i dtaca le cur chun feidhme agus ar chomhlíonadh an Phlean Earnála aige. Déanfar Pleananna i dtaca le cur chun feidhme a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham mar is gá ag féachaint do dhálaí athraitheacha.

5.1.2 Tiocfaidh an Fhoireann Gníomhaíochta Comhionannais i ngach údarás áitiúil le chéile uair sa ráithe, nó níos minicí ná sin más gá, chun an dul chun cinn a mhonatóireacht agus a athbhreithniú agus cuirfidh sí tuarascáil ráithiúil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Bhainisteora. Folófar sa Tuarascáil Ráithiúil freisin eolas faoi réimsí ginearálta gearán agus na bearta a rinneadh d'fhonn aghaidh a thabhairt orthu. Folóidh gach aon údarás áitiúil sa Tuarascáil Bhliantuil uaidh tuairisc ar dhul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an Phlean um Chur chun Feidhme.

5.1.3 Déanfar cur chun feidhme leanúnach na bPleananna um Chur chun Feidhme agus an Phlean Earnála a chur ar chlár chruinnithe Líonra Oifigeach Comhionannais na nÚdarás Áitiúil, ar cruinnithe iad ag a bhféadfar treoirthionscnaimh a bhreithniú.

5.2 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

5.2.1 Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar dhul chun cinn i dtaca leis an bPlean Earnála seo a chur chun feidhme agus lorgóidh sí tuairiscí mar is cuí ó údaráis áitiúla. Déanfar an Plean Earnála seo a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham mar is gá, ag féachaint do dhálaí athraitheacha.